Ag dathú le cabáiste dearg, gallúnach agus fíneagar

ÓR

FEARAS	Leath cheann cabáiste dearg, scian Uisce te – Úsáid Thermos nó citeal Babhla mór nó cúpla babhla beaga Síothlán, pípéad súl Ceirteacha bána cadáis – seanchiarsúir nó seanbhraillíní Gallúnach, fíneagar, sú líomóid, sóid aráin Páipéar cistine, nuachtáin
ULLMHÚCHÁN	Déan tuaslagán den tsóid aráin - 1 taespúnóg i gcupán uisce. Cuir uisce te ar dhuilleoga an chabáiste dheirg chun an dathú a dhéanamh.
CÚLRA	Is táscaire é an cabáiste dearg – i.e. bíonn dath amháin air i searbh agus dath eile air in alcaile. Is í an bhrí atá le searbh sa Laidin ná 'géar'. Cimiceán is ea an alcaile atá contrártha don searbh. Alcaile is ea slaod fiacla a neodraíonn an searbh a bhíonn ar ár bhfiacla. Alcaile is ea táibléad mídhíleá a neodraíonn an searbh sa bholg. Athraíonn an dath corcra ar na ceirteacha go bándearg nuair a chuirtear searbh (fíneagar) orthu agus bíonn dath gorm/glas orthu nuair a chuirtear alcaile (sóid aráin agus gallúnach) orthu.
SCILEANNA	Ag imscrúdú agus ag tástáil
GNÍOMHAÍOCHT	Cuir na ceirteacha cadáis ar maos sa dathú corcra. Breathnaigh ar an gcabáiste dearg tar éis duit an dathú corcra a dhéanamh. Déan patrúin ar na ceirteacha le sú líomóid, fíneagar (searbh) agus gallúnach, sóid aráin (alcaile).
SÁBHÁILTEACHT	**Bí cúramach le huisce te.** **Bíodh duine fásta i láthair ann chun an cabáiste a ghearradh.**
LEATHNÚ	Bain úsáid as a bhfuil fágtha den uisce cabáiste chun triail a bhaint as rudaí mar shú oráiste, Coca Cola, slaod fiacla. Cad a thugann an t-athrú datha le fios duit maidir leis na rudaí seo?

Ag dathú le cabáiste dearg, gallúnach agus fíneagar ar lean

1. Gearr roinnt cabáiste dearg agus cuir i mbabhla é.
2. Cuir roinnt uisce an-te leis agus corraigh é ar feadh cúig nóiméad.
3. Bain na duilleoga as an mbabhla.
4. Cuir an t-ábhar cadáis sa leacht corcra agus corraigh é ar feadh cúig nóiméad.
5. Bain amach an t-ábhar cadáis agus triomaigh é idir píosaí nuachtáin.
6. Cuir an t-ábhar ar shean nuachtán nó ar pháipéar cistine.
7. Bain úsáid as an bpípéad súl chun patrúin ildathacha a dhéanamh ar an ábhar le fíneagar, sú líomóide, braonacha de thuaslagán sóid aráin nó gallúnaigh.
8. Fág an t-ábhar ar feadh cúpla nóiméid chun seans a thabhairt do na ceimiceáin imoibriú ar a chéile.
9. Glan an t-ábhar go sciobtha ansin le huisce fuar reatha.
10. Triomaigh na ceirteacha.